Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14748/21**

**IXIM 278**
**CRIMORG 155**
**ENFOPOL 491**
**ENFOCUSTOM 183**
**JAI 1364**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Nollaig 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13931/21 |
| Ábhar: | ‘Cinntí Prüm’ - Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle<br>- Meastóireacht ar an nGréig maidir le malartú uathoibríoch sonraí clárúcháin feithicle (SCF) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB - Meastóireacht ar an nGréig maidir le malartú uathoibríoch sonraí clárúcháin feithicle, a d’fhormheas an Chomhairle ag an 3837ú cruinniú a bhí aici an 9 Nollaig 2021.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB

## Meastóireacht ar an nGréig maidir le malartú uathoibríoch sonraí clárúcháin feithicle

1. De réir Airteagal 25(2) de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, ní sholáthrófar na sonraí pearsanta dá bhforáiltear faoin gCinneadh go dtí go mbeidh na forálacha maidir le cosaint sonraí a leagtar amach i gCaibidil 6 den Chinneadh curtha chun feidhme i ndlí náisiúnta chríocha na mBallstát a bhfuil baint acu leis an soláthar sin. Ní mór don Chomhairle cinneadh d'aon toil a dhéanamh ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh an coinníoll sin. Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir leis na Ballstáit sin ina bhfuil tús curtha cheana le soláthar sonraí pearsanta dá bhforáiltear sa Chinneadh de bhun 'Conradh Prüm' (2005).

2. De réir Airteagal 20 de Chinneadh 2008/616/CGB, ní mór an fíorú go bhfuil an coinníoll thuasluaite comhlíonta a dhéanamh ar bhonn tuarascáil mheastóireachta bunaithe ar cheistneoir. Maidir le sonraí a mhalartú go huathoibríoch i gcomhréir le Caibidil 2 de Chinneadh 2008/615/CGB, ní mór don tuarascáil mheastóireachta a bheith bunaithe, freisin, ar chuairt mheastóireachta agus ar thriail phíolótach.

3. De réir pointe 1.1 de Chaibidil 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB, baineann an ceistneoir a dhréachtaigh Meitheal ábhartha na Comhairle le gach ceann de na malartuithe sonraí uathoibrithe agus ní mór don Bhallstát é a fhreagairt a luaithe agus a chreideann sé go gcomhlíonann sé na réamhriachtanais le haghaidh sonraí a chomhroinnt sa chatagóir sonraí ábhartha.

4. Tá an ceistneoir maidir le cosaint sonraí agus an ceistneoir maidir le sonraí clárúcháin feithicle comhlánaithe ag an **nGréig**. Chuir an **Ghréig** triail phíolótach rathúil i gcrích in éineacht leis an Ísiltír. Tugadh cuairt mheastóireachta ar an nGréig agus rinne foireann saineolaithe na h**Ísiltír**e agus na **Cipire** tuarascáil ar an gcuairt mheastóireachta agus chuir siad ar aghaidh chuig Meitheal ábhartha na Comhairle í (5927/1/18 REV 1 DAPIX 27 CRIMORG 12 ENFOPOL 51 ENFOCUSTOM 22 JAI 79).

5. Nuair a bhí an tuarascáil ar an gcuairt mheastóireachta á plé, moladh go dtiocfadh an mheitheal inniúil ar ais chun an mheastóireacht a thabhairt chun críche a luaithe a bheidh sé curtha in iúl ag an nGréig d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí curtha chun feidhme agus aird ar leith á tabhairt ar SCF. Rinne an Ghréig é sin trí bhíthin freagra nua ar an gceistneoir maidir le cosaint sonraí (13929/21 IXIM 241 CRIMORG 136 ENFOPOL 440 ENFOCUSTOM 166 JAI 1238).

6. Tíolacadh chuig an gComhairle tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta ina dtugtar achoimre ar thorthaí an cheistneora, ar thorthaí na cuairte meastóireachta, agus ar thorthaí an treoirthionscadail maidir le sonraí DNA a mhalartú (13930/21 IXIM 242 CRIMORG 137 ENFOPOL 441 ENFOCUSTOM 167 JAI 1239).

7. Ag an bhfíschomhdháil neamhfhoirmiúil a bhí ag comhaltaí na Meithle um Malartú Faisnéise CGB (IXIM) an 2 Nollaig 2021, admhaíodh go bhfuil gach Ballstát atá faoi cheangal ag Cinneadh 2008/615/CGB den bharúil go bhfuil na coinníollacha comhlíonta chun go measfaidh an Chomhairle, chun críocha malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí clárúcháin feithicle, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí ó Chaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine **ag an nGréig.**

8. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle chun críocha malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí clárúcháin feithicle, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí ó Chaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine **ag an nGréig.**